# Ag tabhairt an domhain chun athmhuintearais leis féin



## Ábhar machnaimh don ocht lá

www.ctbi.org.uk/weekofprayer

An tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2017

# Lá 1

## Pointe Tosaigh




Nuair a tháinig Pól chuig Críost, tháinig tuiscint radacach úrnua chuige féin: bhí bás faighte ag aon duine amháin ar son cách. "Níl grá ag aon duine níos mó ná seo go dtabharfaidh duine a anam ar son a chairde" arsa Íosa. Cuireadh Maximilian Kolbe, Proinsiasach, i sluachampa géibhinn Auschwitz sa bhliain 1941, agus is ann a thug sé suas a shaol féin le nach gcuirfí príosúnach áirithe eile chun báis. Cabhraíonn teagasc Phól linn teacht ar an tuiscint gurb ionann bás Chríost agus an tslí chun athmhuintearais le Dia. Bheadh craobhscaoileadh na teachtaireachta athmhuintearais seo ón Soiscéal ina chúram cómónta idir na heaglaisí Críostaí ar fad.

**Íseáia 53:4-12**
Teascadh é as tír na mbeo; as ucht ár gcoireanna a ciorraíodh é

**Sailm 118: 14-29**
Níor dhaor sé chun báis mé

**1 Eoin 2: 1-2**
Is é an íobairt sásaimh ar ár bpeacaí é, agus ní ar ár bpeacaíne amháin ach ar pheacaí an tsaoil uile.

**Eoin 15: 13-17**
Ag tabhairt a anama ar son a chairde



Maximilian Kolbe

## Machnamh

### I. Cairdeas

Más é seo is cairdeas ann...
… teacht ar an solas tríd an dolas
… píonós á shárú le neart na
    hiomláine;
… cneasú a chothú trí
gortú agus treascairt,
céasadh agus bás;

más mar seo a cailleadh é,

ar ár sonsa,

a chuid cairde,
faoi dheireadh is faoi dheoidh,
an dtabharfaidh mé creidiúint dó?

## Paidir


A Dhia na beatha síoraí,
ní bhainfidh tusa sinn de do
liosta cairde!
Ach san am céanna, is minic ár gcuid
cairdeas leochaileach a bheith
gan bhonn,
sinn ag coimeád ghreim an
fhir bháis ar an mbeatha, ar
eagla go n-éalódh sé ar
fad uainn.
Le do spiorad féin, tabhair dúinn
an misneach,
le muinín a chur in Íosa, ár gcara,
agus le go dtiocfadh tuiscint dá
réir chughainn,
ar conas a thuilltear an bheatha, an
bheatha á caitheamh uainn againn,
in ainm Íosa a ghuímid,
Amen.

## Fuair aon duine amháin bás ar son cách uile

## Ceisteanna

- Cad iad na tréithe is maith leatsa a bheith ag do chuid cairde?
- Cad é an ceacht is féidir a fhoghlaim ó Íosa agus ó Kolbe, agus a chabhróidh linn ár gcuid caidreamh féin a athrú ó bhonn?
- An féidir an tusicint seo a chur i bhfeidhm ar na caidrimh a bhíonn ag na heaglaisí éagsúla lena chéile?

## Téigh agus déan
### (féach www.ctbi.org.uk/goanddo)




- Bíodh sé de phlean agaibh an t-uileloscadh a chomóradh ar an 27 Eanáir. Bíodh paidir ar leith agaibh san eaglais, nó mar ghníomh i bpáirt. Bíonn The Council for Christians and Jews (CCJ) ag forbairt ábhar adhartha, mar shampla, do Eaglaisí le Chéile, an Bhreatain Mhór agus Éire.
- Tá os cionn billiún úsáideoirí Facebook ann ón mbliain 2015. Cad atá i gceist leis an gcairdeas in aois seo na gcuntas Facebook? Déanaigí machnamh ar an gcaint TEDx a thug Rory Varrato. Níor chás do dhaoine teagmháil a dhéanamh le daoine nach raibh siad ag caint le fada leo.
- Faighigí amach cén obair atá ar siúl ag na heaglaisí i bhur gceantar ó thaobh fáilte a chur roimh dhaoine nua sa phobal, iadsan atá ag lorg dídean san áireamh. Tugaigí cuairt ar na naisc Téigh agus Déan chun spreagadh agus stiúir a fháil.

# Lá 2

## Pointe Tosaigh

Ceisteanna tábhachtacha le blianta beaga anuas is ea an méadú atá ag teacht ar an uaigneas, agus an t-aonrú sóisialta, sa Ghearmáin agus i dtíortha eile nach í. Tugann na Críostaithe grá "mar gur thug seisean grá dúinne ar dtús", agus leis sin, bíonn iachall orthu saol an phobail a athnuachan ar shlite éagsúla. Agus an obair seo ar bun againn, roinnimid ár slite beatha féin le daoine eile, agus cothóimid tacaíocht idir na glúinte difriúla. Iarrann an Soiscéal orainn a bheith ag gníomhú ar son Críost, seachas ar ár son féin amháin, ach tá níos mó ná an méid sin féin i gceist leis an iarratas úd uaidh. Bheadh sé i gceist chomh maith meon oscailte a chothú i leith daoine eile, agus le constaicí na scoilte a bhriseadh síos i dteannta a chéile.

**Míocá 6: 6-8**
Mhínigh an Tiarna duit céard is maith ann

**Sailm 25: 1-5**
Taispeáin do shlite dom, a Thiarna

**1 Eoin 4: 19-21**
Tugaimisne grá, mar gur thug seisean grá dúinne ar dtús

**Matha 16: 24-26**
Cibé a chaillfidh a anam mar gheall ormsa, gheobhaidh sé é.

## Machnamh

### II. Ath-cmhainn

Faoi mar a rachfá isteach i
réaltra nua,
le teacht ar an bhfoinse bunaidh,
ar cheart dom ar dtús scaoileadh
liom féin?

Nach ait an gnó é an féinscaoileadh,
is é sin, i dtreo an duine eile
a aimsiú,
ní mór aithne agus teanntás a chur
orm féin ar dtús.

Is sin í an uair go bhféadfaidh mé
mé féin a scaoileadh
isteach i réaltra an 'táim'.



Titim fhalla Bheirlín

## Ní ar mhaithe leo féin a mhairfeadh na beo feasta

## Ceisteanna

- Cad iad na slite ina bhféadfaimid a bheith ag maireachtaint ar son daoine eile inár saol féin?
- Cad iad na slite ina gcuireann ár gcultúr ina luí orainn a bheith ag maireachtaint ar mhaithe linn féin amháin?
- Cén toradh éacúiméineach a bheadh le gan a bheith ag maireachtaint dúinn féin amháin?

## Paidir

a Dhia na nGrást,
le Críost, shaor tú sinn le go
    mbeadh againn,
saol ar fairsinge i bhfad é ná sinn féin,
saol a fuineadh as do spioradsa,
a cheadóidh dúinn a bheith
inár ndeirfiúracha agus inár
    ndeartháireacha i gceart,
in Íosa Críost, ár dTiarna,
anois agus go deo.
Amen.




Fuair meitheal na mban a chuaigh go dtí an Ghréig thar cheann CTBI amach go raibh an tír sin ag déanamh a seacht ndícheall le cabhair a thabhairt do na teifigh, ainneoin a gcuid fadhbanna eacnamaíochta féin (féach www.focusonrefugees.org)

## Téigh agus déan (féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Cuir beagáinín ama ar leataobh le haire cheart a thabhairt duit féin inniu.
- Cuir beartán aire chomh fada le ceann de na campaí dídeanaithe mar Calais
- Déan socruithe go mbeadh grúpa beag daoine ag faire ar Age of Loneliness i dteannta a chéile, leas á bhaint as le comhrá a spreagadh ar conas aghaidh a thabhairt ar fhadhb an uaignis.

# Lá 3

## Pointe Tosaigh

Iompaítear gach aon rud bun os cionn ar casadh le Críost dúinn. Sin í an taithí a bhí ag Pól agus é ar an mbóthar go dtí an Damaisc. Tháinig athrú ó bhonn ar Chríostaithe Eaglais na Moráive tar éis dóibh siúd bualadh le Críost, agus sa bhliain 1714, chinn siad nach dtabharfaidis aon bhreith a thuilleadh faoi mar a thugann an duine. Roghnaigh siad go ngéillfidís do chóras Chríost. Nuair a ghéillimid do chóras Chríost, iarrtar orainn breith a thabhairt ar dhaoine faoi mar a thugann Dia féin orthu, is é sin le rá, gan mhímhuinín, gan réamhchlaonadh.

**1 Samúéil 16: 6-7**
Ní thugann Dia breith mar a thugann an duine; breathnaíonn an duine an cló ach breathnaíonn an Tiarna an croí

**Sailm 19:7-13**
is glan í aithne an Tiarna, soilsíonn sí na súile.

**Gníomhartha 9:1-19**
Iompú Phóil, Pól á bhaisteadh

**Matha 5:1-12**
Na beannaitheachtaí

## Machnamh

### III. Ath-dhaonnú

An mbeadh sé i gceist,
go bhfuil dídhaonnú déanta
againn ar
pháistí sceimhlithe agus ar
mháithreacha faoi ruaig,
ar mhaith le beagáinín ciúnais?

An mbeadh sé i gceist,
go bhfuil beag is fiú déanta againn
dínn féin,
go dtí an pointe,
gur réadúla an saol,
tríd an scáileán
ná mar a bhíonn
tríd an tadhall.
An mbeadh sé i gceist,
go bhfuil súil chomh géar
anois orainn,
gur soiléire a fheicfimid an diacht
féin trínár ndaonnacht,
ach mionathrú seismeach a chur
i bhfeidhm?




Saothair ealaíne ar fhalla Bheirlín

# Ní dhéanaimid neach ar bith a mheas de réir caighdeáin shaolta

## Ceisteanna

- Cá bhfuil an taithí a fuarthas sa Damaisc le fáil i mo shaol féin?
- Cén tuairim atá ag do phobal féin ar dhaoine atá ar an imeall laistigh de do cheantar féin?
- Cad é a athraíonn nuair a thugaimid breith ar dhaoine eile faoi mar a thugann Dia féin breith orthu?

## Paidir

a Dhia, a thrí in a haon,
Alfa agus Béite,
Foinse agus Sprioc,
Maith dúinn ár bhféinlárnacht,
agus ár sásamh bogásach.
Iompaigh ár Sól ina Phól.
Ag baint tairbhe as grá an ghrásta,
ag dul i dtaithí ar an aontacht a chuir
tú ar fáil dúinn
Amen.



Chuaigh ceannairí sinsearacha ó eaglaisí éagsúla de chuid an Ríochta Aontaithe chomh fada leis an teorainn idir an Ghréig agus an Mhacadóin le taithí ar an láthair a fháil ar cheist na dteifeach in Idomeni

## Téigh agus déan (féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Féach ar ghearrthóg YouTube le héachtaint a fháil ar mar a scriosadh Damaisc sa choimhlint a bhí go dtí anois ann.
- Déan guí le go dtógfaí Bóthar na Damaisce atá ag teastáil go géar le gcuirfí síochàin i réim. Tá paidreacha eiseamláireacha ar fáil ó Christian Aid.
- Déan gníomh éigin ar a son siúd atá ag éalú ón gcoimhlint agus ag lórg áit éigin dá gcuid éigin go dtabharfaidís baile air.

# Lá 4

## Pointe Tosaigh

Tá comóradh á dhéanamh ag an-chuid Críostaithe i mbliana ar obair Mhártan Lútar agus ar leasaitheoirí eile. Ba é an Reifirméisean ba chúis le mórán athruithe ó bhonn i saol na hEaglaise Iartharaí. Thug Críostaithe den uile chineál fianacht laochúil, agus fuair siad athnuachan ar a saol féin mar chúiteamh. Múineann an scrioptúr dúinn go bhfágtar inár staiceacha sinn má fhéachaimid siar. Tá sé den ríthábhacht do shaol duine mar sin nach ligfeadh sé don am a caitheadh aon teorainn a chur leis an am atá anois ann. Is féidir leis an Spiorad Naomh sinn a oscailt i dtreo todhchaí nua inar féidir cultúr na deighilte a shárú, agus pobal Dé á chomhlíonadh arís.

**Geineasas 19:15-26**
Ná féach i do dhiaidh

**Sailm 77: 5-15**
Beidh an Tiarna i gcónaí lán d'fhírinne

**Filipigh 3: 7-14**
An bóthar atá gafa a ligean i ndearmad

**Lúcás 9:57-62**
Buail do lámh ar an gcéachta

## Machnamh

### IV. Athchuimhne

Ag fanacht i bhfad
i gceo na haimsire,
ag múchadh an ama a caitheadh,
  faoi chumha
  ar nós an tuama,
faoi bhrat a leagadh go
  gearánta feargach,
mar a bheadh salann,
ar thréimhsí inar chóir dúinn a
  bheith saor.
Ach le crut úr a chur ar an am
  a caitheadh,
ag dul go doimhin isteach
  sa chuimhne,
ag saoradh an ama atá anois ann
  an rud nach ann dó fós a
  bhreith,
  a tharraingt amach,
blas an todhchaí,
mar a bheadh salann,
á bhlaiseadh agus é ag
  déanamh maitheasa.

Is mar sin é don té a théann
i mbun athchuimhne.



Titim fhalla Bheirlín

# Tá an sean i léig

## Ceisteanna

- Cén rud ó do chúlra féin a leagann tú luach air, agus cad é an rud atá i do choimeád siar ó thaobh a bheith mar an duine a thabharfadh sásamh do Dhia?
- Cad é a d'fhéadfaimis a fhoghlaim ó stair choitianta na deighilte agus na mímhuiníne?
- Cad é an rud is gá a athrú i d'eaglais-se chun scoilteacha éagsúla a shárú i dtreo tréith na haontachta a chothú?



Geata Brandenburg le titim fhalla Bheirlín

## Paidir

A Dhia na saoirse,
is le cumha a fhéachaimid siar,
gan cor ná car ionainn go minic,
gan chorraí.
Saor sinn le go rachaimis ag taisteal
leat sa todhchaí isteach,
ag foghlaim agus ag cur luacha ar
an am a caitheadh.
Féadfaimid dul ag taisteal leat,
lámh ar an gcéachta,
faoi athrú sa bheatha leat féin.
Amen.

## Téigh agus déan (féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Féach ar sheanalbam grianghraf, agus déan do mhachnamh ar na háiteanna agus ar na daoine éagsúla a mhúnlaigh agus a mhúin tú.
- Déan socrú leis na pobail éagsúla i do cheantar dul ar shiúlóid oilithreachta éigin, timpeall bhur gcuid eaglaisí, nó tabhair cuairt ar shuíomh áitiúil oidhreachta le chéile, nó ar aon áit ar díol spéise í ó thaobh na staire de. Tabhair aird faoi leith ar na scéalta a bhaineann leis an stair choitianta.
- Cuimhnigh ar Rwanda, agus bíodh tuairim agat ar chúrsaí reatha in Burundi.



Cathal an tSeicphointe

# Dátaí

Ón 18 Eanáir go dtí an 25 Eanáir a bhíonn an tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí ar siúl (ochtach Naomh Peadar agus Naomh Pól). Roghnaíonn grúpaí eile amanta eile sa bhliain áfach, timpeall na Cincíse go mórmhór, ar dáta tábhachtach é d'aontacht na heaglaise.

# Falla na hAontachta Críostaí

Bheimis buíoch ach a gcuirfeadh sibh chugainn sonraí agus grianghraif ó bhur gcuid imeachtaí, maille le paidreacha agus teachtaireachtaí aontachta ar "fhalla" na haontachta Críostaí de chuid www.weekofprayer.org trína bheith ag tvuíteáil chuig an haischlib #wpcuwall. Beidh na póstálacha le feiscint go huathoibríoch (tar éis moill cúpla nóiméad).

**Aitheantas do na grianghraif**
lth1: Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá
lth2/éagsúil: GeorgeLouis at English Wikipedia
lth2/3 (stampaí): Vintage-Vectors / Freepik
lth4: Raphaël Thiémard (www.flickr.com/photos/vivaopictures/3403209391/)
lth6: winnern (www.flickr.com/photos/winnern/5720140911/)
lth8: Raphaël Thiémard (www.flickr.com/photos/vivaopictures/3403806243/)
lth9: Sue Ream (https://commons.wikimedia.org)
lth10: jchapiewsky (www.flickr.com/photos/24311566@N07/5076666615/)
lth13: Stacey MacNaught (www.flickr.com/photos/staceycav/8561041065/)
lth15: Janet Swisher (www.flickr.com/photos/76909011@N00/8479104071/)
lth17: Steve Wilson (www.flickr.com/photos/gonzocarles/3659213421/)
lth19: marcus.liefeld (www.flickr.com/photos/125583323@N03/14733145535/)
lth20: Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá
Comharthaí Bóthair:
Jeff Keyzer/CTBI (www.flickr.com/photos/mightyohm/3860409114/)

# Tiomnú

**Stephen Brown agus Gwynn ap Gwilym**

Tá eagrán na bliana seo den tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí tiomnaithe don Urramach Stephen Brown a cailleadh i mí Feabhra na bliana 2016, agus don Chanóin Gwynn ap Gwilym, a cailleadh i mí Iuil 2016.

Tá Stephen agus Gwynn araon ina mbaill dhílse de mheitheal scríbhneoirí CRBI don tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí, agus táthar go mór faoina gcomaoin as ucht a gcuid cruthaitheachta agus a gcuid comhoibrithe. Is mór an chailliúint iad agus ní ligfear i ndearmad go deo iad.

**Scríbhneoirí CTBI don tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí 2017**

Bíonn Eaglaisí le Chéile an Bhreatain Mhór agus Éire (CTBI) ag obair i bpáirt le scríbhneoirí ó gach ceann de na ceithre náisiún le go gcuirfí an t-ábhar seo ar fáil. Ar mhaithe le haitheantas a thabhairt don saothar seo i bpáirt, tá liosta déanta againn d'ainmneacha na gcomhghleacaithe a chabhraigh linn éacht na bliana 2017 a chur i gcrích:

| | | |
|---|---|---|
| An Dr Tim Stratford, Urramach | - | Riarathóir mheitheal na scríbhneoirí CTBI don tSeachtain Ghuí le hAontacht Chríostaí, Ard-Déagánach Leicester |
| Bob Fyffe | - | Ard-Rúnaí, CTBI |
| an tUrramach Peter Colwell | - | Leas-Ard-Rúnaí, CTBI |
| an Dr Adrian Burdon, Urramachn | - | Ard-Mhinistéir, Craobh South Fylde na hEaglaise Meitidistí |
| An Dr David Cornick, Urramach | - | Ard-Rúnaí Eaglaisí le Chéile i Sasana (CTE) |
| Ruth Harvey | - | Comhairleoir agus Áisitheoir Shoreline Conversation agus ball de Phobal Í. |
| Philip Mellstrom | - | Oibrí Fhorbairt an Adhartha, Eaglais na hAlban |
| An Dr Adrian Morgan, Urramach | - | Sagart cúnta Gorseinon i nDeoise Swansea agus Brecon, agus Séiplíneach de chuid Gower College Swansea |
| an tAthair Damian McNeice | - | Reachtaire Dheoise Bhaile Átha Cliath |
| an Dr Daniel Nuzum, Urramach, Canóin | - | Séiplíneach an Ospidéil, Eaglais na hÉireann |
| Jenny Sheehan | - | Coimisnéir na Seanmóireachta Tuataí, Sionad Theas an URC |
| Wendy Young | - | Oifigeach Acmhainní na hEaglaisí, Cúnamh Críostaí |

# Lá 5

## Pointe Tosaigh

Meabhraíonn an 500ú comóradh ar an Rirméisean sa Ghearmáin dúinn gaisce agus tragóid ár gcuid staire féin. Cuireann grá Chríost iachall orainn a bheith maireachtaint ar shlí nua, aontacht agus athmhuintearas á lorg againn. Is tríd an Spiorad Naomh a mhaireann Dia ionainn, beatha na Tríonóide á roinnt againn ar an tslí sin. Bíonn an saol nua seo níos soiléire dúinn nuair a iarraimid air crut a chur air féin, agus an crut sin a chaitheamh le 'trua croí, cineáltas, uirísle, ceansacht agus foighne'

**Eizicéil 36:25-27**
Tabharfaidh Dia croí nua daoibh

**Sailm 126**
Á líonadh le gairdeas

**Colosaigh 3:9-17**
Á shíornuachan ar dheilbh an té a chruthaigh é

**Eoin 3:1-8**
Gintear duine ón Spiorad

## Machnamh

### V. Ath-nuachan

Cruthaíodh gach aon duine againn,
go binn beannaithe,
ar dheilbh an té a chruthaigh sinn.
Is é Dia ár ndídean, a ghlacann
ionainn tearmann.


Is le grásta na humhlaíochta is
féidir teacht
ar an gcineáltas inár súile féin, agus
is ar an tslí amháin
a thabharfaimid breith orainn féin
mar a thugann Dia.

Go haonaránach a shiúlaimid leo
siúd atá ar an mbóthar,
a n-ualach trom,
agus a gcailliúint tromchúiseach.

An féidir linn ár samhail féin
a bheannú,
ar minic í i bhfad níos lú ná
samhail Dé,
go bhfeicfeadh gach aon duine againn
an todhchaí atá romhainn,
agus an riocht atá leagtha
amach dúinn.

Taispeáin dúinn gan a bheith dall ar
aon dea-nuacht,
ná ar ócáidí beaga, ná
ar ghrásta an ghímh is féidir a chur
i gcrích.
Ná himíodh tabhartas na comharsan,
ná gátar an namhaid, i ngan
fhios dúinn.

# Tá an nua tagtha



Geata Brandenburg inniu

## Ceisteanna

- 'Táim cruthaithe as an nua' arsa Pól. Cad atá athraithe i do shaolsa?
- I reifirméisean leanúnach do shaoilse, cad eile is gá a athrú?
- Cad a thugann tú faoi deara faoi na hathruithe atá Dia ag déanamh?

## Paidir

A Dhia an ghrásta, a chruthaigh
neamh agus talamh,
uaitse atáimid cruthaithe as an nua.
Tabhair dúinn croíthe nua le go
rachfaimis i ngleic
lena gcuireann isteach ar
ár n-aontacht.
Trí Íosa Críost agus trí chumhacht
an Spioraid Naofa a ghuímid.
Anois agus go deo. Amen.

## Téigh agus déan (féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Caith beagán ama i mbun ceangal a fhorbairt leis an gcruthú, mar shampla, clár faisnéise ar an nádúr a fhaire, cuairt a thabhairt ar pháirc náisiúnta, nó ag dul ar shiúlóid sa bhforaois.
- Léirigh do chuid buíochas i leith socrú a bheith déanta ag an gComhaontas Domhanda um Athrú Aeráide, a leanfaidh ar aghaidh leis an bhfeachtas atá acu ceartas aeráide a bhaint amach. An éicea-eaglais nó éicea-phobal í d'eaglais-se?
- Déan ceangal le daoine nua i do phobal trí cuireadh a tabhairt dóibh a bheith páirteach i dtionscnaimh áitiúla ar an gcomhshaol, mar shampla, coimíní, athchúrsáil, crainn a chur, srl.

# Lá 6

## Pointe Tosaigh

Ba í sprioc na n-eaglaisí Gearmánacha, go díreach tar éis an uileloisctha, ná a bheith ag dul i ngleic leis an bhfrith-Sheimíteachas. Ar an gcuma chéanna, iarrtar ar eaglaisí a bheith i mbun athmhuintearas a chothú ina bpobail féin. Is é atá i gceist leis sin ná a bheith ag cur i gcoinne gach aon saghas leithcheala éagothroim - táimid go léir le chéile i gcúnant Dé, tar éis an tsaoil. Bíonn dhá thaobh an athmhuintearais faoi eagla agus faoi gheasa i gcónaí. Tarraingíonn an t-athmhuintearas isteach sinn sa tslí is go mbímid á shantú; istigh ionainn féin, eadrainn féin, agus idir ár dtraisiúin éagsúla confisiúnacha. Feicimid cén costas a bhaineann leis chomh maith, áfach, agus cuireann sé sin eagla orainn de bharr go n-éilíonn an t-athmhuintearas go gcaithfimis uainn pé fonn a bheadh orainn cumhacht a fhorbairt nó aitheantas a thuilleamh.

**Geineasas 17:1-8**
Déanann Dia conradh idir é féin agus Abrám

**Sailm 98**
Chonaic críocha uile na cruinne slánú ár nDé

**Rómhánaigh 5:6-11**
Rinneadh athmhuintearas idir sinn agus Dia trí bhás a Mhic

**Lúcás 2:8-14**
Soilsiú an dea-scéala

## Machnamh

### VI. Cúnant

Seo rud nach bhfeadar:
Ar cheart dom aithrí a dhéanamh,
nó athrú ar fad?
Mé féin a athchóiriú
roimh athmhuintearas a lorg;
Nó, an amhlaidh
gur den ardriachtanas é
go ndéanfainn athmhuintearas le
mo chuid
deartháireacha agus deirfiúracha
roimh an t-athrú sin a dhéanamh?

Tuigim an méid seo:
an t-am daonna,
arb annamh díreach dó,
ach é ina chíor tuathail ar fad;
Súann cuasa na deighilte
salachar an leithcheala isteach,
sraitheanna feasa agus
seoda athmhuintearais
á gcur ina áit.

Agus an méid seo, is maith a
thuigim é:
gur bronntanas ó am Dé
a tháthaíonn le Dia sinn.

> ‘Is é a thug sinne chun athmhu-intearais les féin’

## Ceisteanna

- An bhfuil taithí agat leis an ngortú a bhaineann leis an leithcheal? Déan do mhachnamh ar an taithí seo.
- An cuimhin leat a bheith i láthair nó páirteach fiú amháin nuair a tharla sampla den leithcheal laistigh de de phobal féin?
- Cad iad na slite ina mbeadh gnó ag Dia duit mar ghníomhaire, ina leithéid seo de chomhthéacs?



Séipéal an Athmhuintearais, Beirlín

## Paidir

A Dhia an ghill,
glaonn tú sinn isteach i gcúnant,
a thugann sinn le chéile mar
aonad grámhar.
Agus de d’ainneoin, tógaimid fallaí
móra a scaranna ó chéile sinn.
Treoraigh sinn i dtreo tuiscint níos
fearr ar ar gheall tú dúinn,
agus nach gcuirfear go deo ar ceal é,
agus a thugann sinn chun
athmhuintearais leat.
Amen.

## Téigh agus déan (féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Léigh faoin obair athmhuintearais atá déanta san Iosrael agus sa chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil.
- Smaoinigh ar na slite difriúla ina ndéantar leithcheal ar dhaoine.
- Gníomhaigh i dtreo athrú a dhéanamh ar aon mheon diúltach i dtaobh daoine a thagann anseo ar thóir na dídine.

# Lá 7

## Pointe Tosaigh

Is éard a theastaigh ó leasaitheoirí dála Mhátan Lútar agus iad siúd a choimeád ceangal le heaglaise na Róimhe, Iognáid Loyola ina measc, ná athnuachan a dhéanamh ar eaglais an Iarthair. Is é an toradh a bhí ar an ngluaiseacht ar deireadh ná gur tugadh léiriú eile ar pheacúlacht an duine, seachas ar ghrásta Dé. Tá an t-athmhuintearas idir Dia agus an duine mar chuid lárnach den Chríostaíocht. Bhí Pól deimhnitheach de gurbh ionann grá a bheith againn do Chríost agus dualgas a bheith orainn athmhuintearas Dé a lorg i ngach gné dár saol. Is é an tábhacht a bhaineann leis an méid seo dúinne ná gur meabhrúchán é ar an dualgas atá orainn scrúdú a dhéanamh ar ár gcoinsias féin i bhfianaise na deighilte seo. Mar a léiríonn an scéal úd ar Sheosamh, tá an grásta a theastaíonn le caidrimh bhriste a shocrú le fáil i nDia.

**Geineasas 50:15-21**
Tagann Seosamh chun athmhuintearais lena chuid deartháireacha

**Sailm 72**
Ceartas agus síocháin a thagann le ríocht Dé

**1 Eoin 3:16b-21**
Iarrann grá Dé orainn grá a bheith againn dá chéile

**Eoin 17:20-26**
Guíonn Íosa le haontacht a eaglaise.

## Machnamh

### VII. Athmhúnlaithe

Cuireann tú crut orainn–
gach aon duine againn;
cuid againn níos solúbtha ná a chéile,
agus fós,
i ngiorracht do bheith briste,
leochaileach,
fachlach.
Agus ritheann éasclíne trínn go léir;
B'fhéidir gur mar sin a fheicimid
    an solas,
splanc na diachta ionainn go léir?

Agus sinn ag dul i ngleic
lena bhfuil briste istigh ionainn féin,
tuigim gurb é atá le fáil inár
    gcuid gortaithe
ná tuiscint ar an duine eile.
Ní hamhlaidh gur leat mo phiansa,
ná liomsa do phiansa;
ach nach dtagann duine againn,
duine ar bith,
go slán tríd an saol seo gan cháim.

Dá gcruinneoimis codanna
    ár bhfulaingthe,
ó ghiota go giota,
á leagadh síos,
taobh le taobh,
is cruinn a d'fheicfimis do cheird,
ag socrú an méid a briseadh,
á chur isteach leis an méid
    a cneasaíodh,

le grá,

agus lá amháin,

iomlán.

# Mistéir an athmuintearais



Saothair ealaíne ar fhallaBheirlí

## Ceisteanna

- An bhfuil taithí agatsa ar scoilt a bheith i bpobal éigin?
- Cad iad na rudaí a chuir isteach ar an athmhuintearas ann?
- Conas is féidir na constaicí sin a bhriseadh síos?

## Paidir

a Dhia an athmhuintearais,
trí Chríost is ea a éilíonn tú uainn
athmhuintearas éigeantach.
Ach bímid de shíor ag filleadh ar
an seanfheall -
coimhlint, deighilt, agus
caidrimh bhriste.
Dírigh orainn agus cúisigh sinn as an
gcliseadh seo;
brisimis thar thairseach
na leithscéalta,
agus saor sinn le bheith páirteach i
ministreacht an athmhuinterais.
In ainm Íosa a ghuímid leis an
méid sin.
Amen.

## Téigh agus déan (féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Má tá aon ní in aon chor ag teastáil uait, lorg ó dhuine éigin inniu é.
- Féach ar dhuaiseanna de chuid an Rusty Radiator, agus déan iarracht dul i ngleic leis na steiréitíopaí a bhíonn ag daoine ina leith siúd atá gátarach.
- Na daoine is deireanaí a tháinig isteach i do phobal, tabhair seans dóibh ionchur a bheith acu ar imeachtaí – iarr orthu, mar shampla, béile a ullmhú mar chuid de theacht le chéile éigin.

# Lá 8

## Pointe Tosaigh

Cad a dhéanfá? Cad a dhéanfá dá dtarlódh na nithe a bhfuil tuar sa Bhíobla orthu? Cad a dhéanfá dá dtiocfadh síocháin Dé i réim ar deireadh, síocháin a bheadh níos leithne ná díreach gan cogadh a bheith ann? Cad a dhéanfá dá gcuirfí deireadh le deora agus le bás? An obair a tosaíodh le haiséirí Chríost, bheadh sí i gcrích. Ríocht Dé a bheadh ann.

**Míocá 4:1-5**
Ceartas i bhfeidhm ar an lá deiridh

**Sailm 87**
Maítear nithe glórmhara i dtaobh Dé

**Apacailipsis 21:1-5a**
Cruthóidh Dia neamh nua agus talamh nua

**Eoin 20:11-18**
Misean pearsanta agus Críost feicthe

## Machnamh

### VIII. Amharc

Más amhlaidh a dhéanann
feiceáil fírinne,
nach ceadaithe dúinn a bheith ag
féachaint ar aghaidh?
gan ár n-iúl a thógaint
den ghol,
den phian,
ach ár súile a dhíriú ar an uaigh,
féachaint go cruinn ar an ní a
sceimhlíonn sinn?

Más amhlaidh a dhéanann
feiceáil fírinne,
nach ceadaithe dúinn
ar n-aghaidh a thabhairt ar an aiséirí,
ar athmhuintearas
agus ar an athleasú,
agus ar aghaidh as sin go dtí an lá
a thriomófar gach deoir.

Gach deoir...

a ndeora siúd atá faoi eagla
a ndeora siúd a throideann faoi fheirg
a ndeora siúd atá ag déanamh tochta,
a ndeora siúd a dhéanann gol
an chomhbhróin,
deora Dé de bharr fhulaingt
an domhain.

Más amhlaidh a dhéanann
feiceáil fírinne,
nach ceadaithe dúinn ár n-aghaidh
a thógaint,
radharc na súl ag imeacht ó léargas,
ach gach ní á thabhairt faoi deara
gach ní
i mbun a athnuachana.

## 'Athmhuintearas a dhéanamh le Dia'



Ardeaglais Bheirlín, i rith fhéile an tsolais

## Ceisteanna

- Cén íomhá atá i do cheann agatsa de ríocht Dé?
- Cad iad na hamhráin, na scéalta, na dánta, na liotúirgí agus na pictiúir ó do thraidisiúin féin a thugann le tuiscint duit go bhfuil tú rannpháirteach i ríocht síoraí Dé?

## Paidir

Íosa Críost,
a bhuí leis an mbás is ea a bhain do
chorp cráite céasta
suaimhneas amach.
Agus fós, d'éirigh tú ó mhairbh ar
Domhnach Cásca.
Tabhair dúinn an misneach le
do dtuigfimis
grá an tslánaithe agus an athraithe,
cneá chomh maith leis an gcneasú.
Is doimhne an luacháir úr a
thiocfaidh orainn
le dea-scéal an tsaoil aiséirithe!
Amen.

## Téigh agus déan (féach www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Féach ar an ngearrscannán *Tree of Life* – sampla den tslí inar tháinig aiséirí mar thoradh ar an rud a ceapadh ar dtús mar ghníomh scriosta.
- Iarr scéalta, amhrán, dánta agus pictiúir ó dhídeanaithe i do phobal nó sa tír, agus déan cur síos ar an bplean atá acu don am atá romhainn.
- Cuir buíochas in iúl as an obair atá déanta ag an ACT Alliance - 140 eaglais agus eagraíochtaí creidimh a oibríonn i níos mó ná céad tír ar fad i dtreo athruithe dearfacha inbhuanaithe a spreagadh i saol na mbochtán agus na ndaoine atá ar an imeall.



Póilín na Gearmáine Thoir a d'iompaigh

## Paidir

a Dhia Thrí-aonta,
táimid buíoch duit as an tseachtain mhór paidreacha seo,
tréimhse inar fhéad Críostaithe teacht le chéile,
agus a cheadaigh dúinn teacht i do láthair
ar mórán slite éagsúla.
Tabhair dúinn a thuilleadh deiseanna le d'ainm a adhradh
amach anseo,
le go leanfaimid orainn sa tóir ar athmhuintearas agus ar aontacht i
dteannta a chéile.

churches together IN BRITAIN AND IRELAND©

www.ctbi.org.uk/weekofprayer
Twitter: #wpcu2017

www.weekofprayer.org
Twitter: #wpcuwall